FÓGRA POIBLÍ
IARRATAS AR LÉASA URTHRÁ
TRÉIMHSE COMHAIRLIÚCHÁN POIBLÍ LAITHNITHE

Tugtar fógra, leis seo, de bhun Alt 19 den Acht Urthrá, 1933 go ndearna Foras na Mara iarratas ar an Aire Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil ar léas faoin Acht thuasluaite chun críocha fearais fréamhshamhla fuinneamh gaoithe, toinne agus taoide a thástáil ag Láithreán Tástála Fuinnimh Mhuirí agus In-Athnuaite Bhá na Gaillimhe, an Spidéal, Contae na Gaillimhe.

Tá fáil ar chóip den iarratas, agus de na léarscáileanna, pleananna, tuarascálacha agus líonríochtaí ábhartha lena n-iniúchadh go dtí 09ú Meán Fómhair 2016, saor in aisce, ag:

Stáisiún Gardaí Bhóthar na Trá, Bóthar na Trá, Cathair na Gaillimhe (24 uair an chloig) Leabharlann Phoiblí an Spidéil, an Spidéal, Contae na Gaillimhe (an Mháirt, Déardaoin agus an Aoine idir 10.30 agus 13.00 uair agus idir 13.30 agus 17.00 uair, an Chéadaoin idir 14.00 agus 17.00 uair agus idir 17.30 agus 19.30 uair, an Satharn idir 11.00 agus 15.00 uair, Dúnta ar an Luan, an Domhnach agus saoirí poiblí/bainc) Comhlacht Forbartha an Spidéil Teo, an Spidéal, Co. na Gaillimhe (idir 08.30 agus 16.30 uair ó Luan go hAoine)

Tá fáil ar an gcáipéis, chomh maith, ar láithreán gréasáin na Roinne ag:

http://www.housing.gov.ie/planning/foreshore/applications/foreshore-applications-2016-and-2015

Ba cheart d'aon duine ar mian leo aighneacht nó uiríoll a dhéanamh i leith dheonú an cheadúnais a lorgaítear amhlaidh a dhéanamh i scríbhinn, agus na cúiseanna a thabhairt atá leis an aighneacht/uiríoll sin, (agus an tagairt: FS 006566 a lua), leis an Aonad Urthrá, an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil, Bóthar an Bhaile Nua, Loch Garman nó le foreshore@housing.gov.ie. Is é an spriocdháta le haghaidh aighneachtaí laithnithe AM scoir gnó an 09ú Meán Fómhair 2016

Cuirfear gach aighneacht agus uiríoll a fhaightear faoi bhráid an iarratasóra go léireofar a dtuairimí orthu sula ndéanfar aon chinneadh sa cheist. Féadtar ábhar a ndéanfaidh an tAire an cinneadh ar an iarratas seo ian leith a fhoilsiú ar láithreán gréasáin na Roinne. Ina leith seo, is mian leis an Roinn aird a tharraingt ar a beartas maidir le hábhar clúmhilteach a d'fhéadfadh bheith sna haighneachtaí a fhaigheann an Roinn. Is féidir teacht ar an mbeartas ag:

http://www.housing.gov.ie/planning/foreshore/public-participation-foreshore-consent-process

Dar dáta an 2ú Lúnasa 2016
Michael Gillooly
Stiúrthóir
Foras na Mara, Rinn Mhil, Órán Mór, Co. na Gaillimhe

At a presentation to the re nion are from left - Tom Broderick, Phil Greallish fr leavy St Columba's Credit Union

Parkrue Park